Parlaimint na hEorpa
2014-2019

Doiciméad seisiúin

B8-0230/2018

10.4.2018

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 133 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le hainmhithe a mharú gan iad a stiúdadh

Dominique Bilde, Sylvie Goddyn

B8-0230/2018

Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hainmhithe a mharú gan iad a stiúdadh

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 13 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2009,

– ag féachaint do Riail 133 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go ndéantar 360 milliún de bheostoic, de mhuca agus de ghabhair a mharú gan stiúdadh gach bliain san Aontas Eorpach;

B. de bhrí go ndéantar foráil le Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009, Airteagal 4(4) do dhíolúintí d'ainmhithe "atá faoi réir modhanna sonracha maraithe atá forordaithe ag deasghnátha reiligiúnacha" agus go gceadaítear marú ainmhithe gan stiúdadh go háirithe sa Fhrainc faoi réir údarú riaracháin roimh ré;

C. de bhrí go bhfuil marú ainmhithe gan stiúdadh ina chúis le fulaingt ó thaobh an ainmhí de, mar a dhearbhaigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia an 15 Meitheamh 2004 agus gur mó an baol a bheadh leis sin éilliú *Escherichia coli* a bheith ann;

1. á iarraidh ar na Ballstáit Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 a chomhlíonadh go docht agus rialuithe na seamlas a neartú, trí fheistí físfhaireachais, más gá;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit marú ainmhithe gan stiúdadh a chosc, ar a laghad go dtí ndéanfar teicnící stiúdta in-aisiompaithe (stiúdadh in-aisiompaithe) a cheapadh, ar teicnící iad a bheadh iontaofa agus inrochtana, agus lipéadú a fhorchur lena ndéanfar na táirgí a thagann as marú deasghnách ainmhithe a shainaithint.